# Polasaí um Theicneolaíocht Chúnta

## 1. Scóp

Baineann an polasaí seo le daltaí Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin, lena dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí agus le foireann na scoile.

## 2. Sainspioraid na Scoile

Is meánscoil ilchreidmheach lán-ghaeilge í Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin atá faoi patrúnacht Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Déanaimid gach iarracht timpeallacht foghlama sábháilte, fáiltiúil agus gníomhach a sholáthar, ina spreagtar gach dalta barr a gcumais a bhaint amach go hacadúil, go sóisialta, go pearsanta agus go mórálach, le folláine na ndaltaí i gcroílár na scoile. Bíonn ról lárnach ag Teicneolaíocht Chúnta (TC) le cabhrú le daltaí le riachtanaisí foghlama éagsúla chun teacht ar an gcurachlam, a spriocanna oideachais a bhaint amach, agus a bheith rannpháirteach go hiomlán ar scoil. Cuirtear an polasaí seo i bhfeidhm chun tacú le tuismitheoirí na torthaí is fearr a fháil dá bpáistí.

## 3. Comhthéacs

Lagann an polasaí seo síos cur chuige na scoile ar sholáthar, ar úsáid agus ar bainistíocht ar theicneolaíocht chúnta, atá ina scoil iPad chomh maith. Aithnímid an tabhacht a bhaineann le teicneolaíocht mar áis chun cuir le foghlam na ndaltaí, iad siúd le riachtanaisí foghlama ach go háirithe. Ba cheart an polasaí seo a léamh i gomhar lenár Polasaí ar Riachtanaisí Oideachais Speisialta, leis an bPolasaí Folláine agus leis an bPolasaí Iontrála.

**4. Réasúnaíocht**

Dearadh an polasaí seo chun;

a) Cúram agus folláine na ndaltaí a chosaint;
b) Leanúnachas agus dul chun cinn sa phróiséis foghlama a éascú;
c) A chinntiú go mbaineann na daltaí gach leas ó na deiseanna a fhaightear sa scoil seo;
d) A chinntiú go bhfuil Tuismitheoirí/Caomhnóirí, Daltaí agus Muinteoirí san eolas faoi na freagrachtaí atá orthu ó thaobh an polasaí seo.

**5. Aidhmeanna an Pholasaí**

1. A chinntiú go bhfuil teicneolaíocht chúnta ar fáil dóibh siúd le gá leis chun teacht ar an gcurachlam.
2. Úsáid teicneolaíocht chúnta a chur chun cinn mar áis chun foghlam neamhspleach a thacú.
3. A chinntiú go bhfuil dóthain traenáil faighte ag an bhfoireann ar úsáid éifeachtach an teicneolaíocht chúnta.
4. Cur cuige cothrom agus comhsheasmhach ar sholáthar agus úsáid an teicneolaíocht chúnta a choimeád sa scoil.
5. Cloí leis an reachtaíocht ábhartha, an Acht EPSEN 2004 agus an Acht um Mhíchumais 2005 ina measc.

**6. Sainmhíniú ar Theicneolaíocht Chúnta**

Is éard is Teicneolaíocht Chúnta ann ná aon feistis, bogearra, nó fearas eile a chabhraíonn le daltaí le riachtanaisí nó le riachtanaisí foghlama breise chun dul i ngleic lena dtimpeallacht foghlama. Clúdaíonn sé seo iPadanna, ríomhairí gluaine agus fearas speisialta, chomh maith le bogearraí a thacaíonn le foghlam, le cumarsáid agus le rochtain ar an oideachas.

**7. Ról an iPad sa Tacaíocht Foghlama**

Mar scoil iPad, bíonn sé sáite go laethúil sna gníomhaíochtaí múineadh agus foghlam. Dóibh siúd go mbíonn tacaíocht breise ag teastáil, is féidir an iPad a chur in oiriúint le aipeanna chuí agus socruithe rochtain chun tacú le riachtanaisí na daltaí sin. D'fheadfadh téacs-go-labhairt, aitheantais ghutha, aipeanna chun nótaí a bhreacadh agus áiseanna féin-eagrú a bheith san áireamh anseo. Tá an iPad an-solúbtha agus tá go leor bealaí chun é a úsáid chun tacú le daltaí le RSO teacht ar áiseanna foghlama, chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus chun a bhfoghlam a bhainistiú go neamhspleách.

**8. Cáiliú do Theicneolaíocht Chúnta**

D'fhéadfadh daltaí leis na riachtanaisí seo a leanas a bheith i dteideal ar Theicneolaíocht Chúnta;

- Lagaithe Chéadfacha (m.s. radharc nó éisteacht)
- Míchumias Fisiciúil
- Riachtanaisí Foghlama Sainiúla (m.s. Disléics, Díspraics)
- Neamhord Cumarsáide
- Neamhord de chuid Speictream an Uathachas (ASD)
- Deacrachtaí mothúchánach nó iompar a chuireann isteach ar foghlam an pháiste.

Déantar cinneadh ar cháiliú do Theicneolaíocht Chúnta tré comhoibriú idir muinteoirí, múinteoirí oideachais speisialta, tuismitheoirí, an dalta agus daoine proifisiúnta seachtracha (m.s. Siceolaithe Oideachais, Teireapóirí Ceirde, srl.) Cuirtear faoi chaibidil tuairimí na daoine seo nuair a dhéantar cinneadh ar an TC is oiriúnaí don dalta. Is iad an NCSE agus/nó an Roinn Oideachais agus Óige a dhéanann an cinneadh deireanach maidir le cháiliú do Theicneolaíocht Chúnta.

**9. Soláthar Theicneolaíocht Chúnta**

Solátharaítear Teicneolaíocht Chúnta bunaithe ar riachtanaisí an dalta mar a leagtar síos ina bhFillteán Tacaíochta nó ina bPlean Aonair Oideachais. I measc na céimeanna a thógfaidh an scoil;

1. Comhoibriú leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta agus leis an gComhordaitheoir um Riachtanaisí Oideachais Speisialta chun an maoiniú a fháil ar na feistisí chuí do gach dalta atá i dteideal ar Theicneolaíocht Chúnta.
2. A chinntiú go bhfuil rochtain ag na daltaí ar na feistisí agus bogearraí riachtanach chun tacú lena bhfoghlam.
3. Traenáil a sholáthar do dhaltaí agus do mhuinteoirí ar conas an Teicneolaíocht Chúnta a úsáid go héifeachtach.
4. Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an Teicneolaíocht Feidhmeach chun a chinntiú go bhfuil sé an leas is fearr leis agus go bhfuil tionchur dearfach ann ar fhoghlam na ndaltaí.

**10. Traenáil agus Tacaíocht don Fhoirean**

Tá Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin tiománta an foireann a thacú le Teicneolaíocht Chúnta. Cuirtear deiseanna forbairt ghairmiúla ar fáil do mhuinteoirí agus don fhoireann riachtanaisí oideachais speisialta chun;

1. Go mbeifear san eolas faoi na huirlisí teicneolaíochta atá ar fáil do dhaltaí.
2. Go mbeifear cumasach in úsáid iPadanna, i ngnéithe rochtaine agus i mbogearraí/aipeanna speisialta.
3. Go mbeifear ábalta TC a úsáid ina bpleananna ceachta agus ina ngíomhaíochtaí ranga.
4. Go mbeifear ábalta tacú le daltaí a úsaideann Teicneolaíocht Chúnta.

**11. Freagrachtaí na nDaltaí**

Táid ag súil go ndéanfaidh daltaí a úsáideann Teicneolaíocht Chúnta iad seo a leanas;

1. Na feistisí agus bogearraí a úsáid go freagrach agus don oideachas amháin.
2. Polasaithe scoile maidir le úsáid chuí iPadanna agus feistisí eile a leanúint.
3. Aon fhadhb teicniciúil a thuairisciú go muinteoir nó an Roinn TFC láithreach.
4. Aire a thabhairt ar an Teicneolaíocht Chúnta atá acu agus é a úsáid mar a leagtar amach ina bpleananna.
5. An fearas a dheisiú/athchuir sa chás go mbristear nó go gcailltear é.

**12. Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanfaidh an Comhordaitheoir RSO, an Roinn TFC agus na muinteoirí chuí monatóireacht rialta ar an TC. Lorgofar aiseolas ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí ar cé chomh éifeachtach is atá an TC i bhfoghlam na bpáistí sin. Déanfar athbhreithniú bliaintiúil ar an bpolasaí chun a chinntiú go bhfuil sé suas chun dáta leis na hathruithe sa teicneolaíocht agus leis an hathruithe i riachtanaisí na ndaltaí.

**13. Cosaint Eolais agus Príobháideachas**

Ar aon dul leis an bPolasaí ar Chosaint Eolais, beidh úsáid TC in oiriúint leis na dualgaisí atá orainn ó thaobh cosaint eolais pearsanta. Coimeádfar aon eolas a bhaileofar tré TC go slán agus úsáidfear é don oideachas amháin.

**14. Cur i bhFeidhm agus Cumarsáid**

Tá an polasaí seo ar fáil do pháirtithe leasmhara na scoile. Tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile, agus beidh sé mar chuid d'ionduchtú na ndaltaí agus baill foirne nua.

Ghlac Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin leis an bpolasaí seo ar an 7ú Deireadh Fómhair 2025. Déanfar athbhreithniú bliantúil air, nó mar is ghá.